

**AN BORD AIRGEADAIS OIDEACHAIS (IAR-CHÓNAITHEOIRÍ DE CHUID
FORAS ÁIRITHE LE hAGHAIDH LEANAÍ)**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

1. Réamhrá



Forálann Alt 32(1) den Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2005(Leasú) go n-ullmhóidh agus go bhfoilseoidh an Bord Airgeadais Oideachais(Iar-Chónaitheoirí de chuid Foras Áirithe le haghaidh Leanaí) – anseo agus ina dhiaidh seo tagartha mar ‘An Bord’ - tuarascáil dá ghníomhaíochtaí agus dá imeachtaí a tharla i rith na bliana roimhe sin, gan a bheith níos deireanaí ná 31ú Márta de gach bliain, agus go ndéanfar seo i bhfoirm agus ar bhealach de réir mar a cheapann sé is iomchuí.

2. Bunú an Bhoird

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, TD, ordú a bhunaigh an Bord Airgeadais Oideachais(Iar-Chónaitheoirí de chuid Foras Áirithe le haghaidh Leanaí) ar bhonn reachtúil le héifeacht ó 17 Feabhra 2006, de réir mar a fhoráiltear in Alt 23 den Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2005(Leasú)

Cuimsíonn ballraíocht an Bhoird Cathaoirleach agus ocht ghnáthbhaill ag bhfuil gach duine acu ceaptha ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Tagann na baill ó réimse fairsing cúlraí le foráil ar leith gur daoine iad ceathrar de na baill, i ngach aon cás, a bhí mar iar-chónaitheoirí i gceann amháin nó i níos mó de na Forais.

Bhí siad seo a lanas mar bhaill den Bhord i rith na tréimhse atá clúdaithe ag an tuairisc seo:

- Risteard Langford, Cathaoirleach
- Pádraig Breathnach, Leasathaoirleach (go dtí 19.02.2008)
- Brian Ó Maonaigh, Leasathaoirleach(ó 19.02.2008)
- Inez Báille
- Seán Ó Braonáin
- Cristín  Bhuachalla
- Cristoir O’Heafa (ó 05.11.2008)
- Jacqui  Chaomhánaigh (go dtí 27.08.2008)
- Mícheál Ó Briain

- Jacinta Stíobhard

Bhí deich gcruinniú ag an mBord i rith 2007. Chomh maith leis seo tháinig foghrúpaí de bhaill an Bhoird le chéile idir chruinnithe an Bhoird ar dhá ócáid déag eile d'fhonn déileáil le ceadú iarratais deontas chun go bhféadfaí íocaíocht deontas mar iad seo a bhrostú.

Tá tuairiscí de chruinnithe uile an Bhoird ón dáta bunaithe ar fáil ar Láithreán Gréasáin an Bhoird www.educationfinanceboard.com d'fhonn gur féidir leis na príomh-pháirtithe leasmhara chomh maith le páirtithe leasmhara eile a bheith tugtha suas chun dáta ar bhun rialta ar ghníomhaíochtaí an Bhoird.

3. Feidhmeanna an Bhoird

Is iad seo príomh-feidhmeanna an Bhoird mar atá leagtha síos in Acht na bliana 2005:

- deontais a íoc d'iar-chónaitheoirí in institiúidí agus dá ngaolta d'fhonn cuidiú le hiar-chónaitheoirí nó gaolta leas a bhaint as seirbhísí oideachasúla de réir mar a shocródh an Bord
- Critéir a shocrú agus a fhoilsiú a bheidh mar thragairt ag an mBord maidir le cinntí a dhéanamh faoi iarratais chuig an Bhord i dtaca lena leithéidí seo de dheontais a íoc.
- Eolas a chur ar fáil d'iar-chónaitheoirí agus dá ngaolta i dtaca le seirbhísí oideachasúla a bhfuil a leithéidí seo de dheontais iníoctha dóibh .

4. Critéir d'Íocaíocht Deontas

Sular bunaíodh an Bord, íocadh deontais d'iarratasóirí incháilithe faoi scéim riaracháin a oibríodh faoi choimirce an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Shocraigh coiste ad hoc na critéir a leagadh amach d'fhonn an scéim riaracháin a oibriú, critéir a bhí mar thagairt i dtaca le cinntí faoi iarratais deontas den chineál seo a íoc. € 2, 484, 992 an t-iomlán a tarraingíodh anuas ón gciste faoin scéim riaracháin.

Mar nár mhaith leis a bheith ag cur isteach ar an móiminteam a gineadh faoin scéim riaracháin, shocraigh an Bord, nuair a bunaíodh é, leanacht ar bhonn eatramhach leis na critéir a d'úsáid an coiste ad hoc, a réamhtheachtaí, go dtí go socrófaí critéir athchóirithe, faoi réir leasú beag amháin a rinne sé d'fhonn aird a dhíriú ar shonra na reachaíochta.

Tugadh faoi athbhreithniú na gcritéir a bhí ann roimhe sin agus na gcritéir eatramhach ar bhealach mion le féachaint chuige go socrófaí critéir athchóirithe a thógadh ar thaithí an choiste ad hoc go dáta agus ar thaithí an Bhoird féin. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, shocraigh an Bord critéir athchóirithe, atá foilsithe aige, d'fheidhmiú i gcás na n-iarratas do dheontais a glacadh ar 17ú Samhain 2006 nó ina dhiaidh sin. Tá socrúithe i bhfearas d'fhonn go mbeadh na critéir faoi réir athbhreithnithe ó am go chéile. Tá na critéir atá i bhfeidhm ar 31 Nollaig 2008 mionsonraithe in Aguisín A atá ceangailte leis seo.

Tá sé i gceist go leanfar le hathbheithniú na gcritéir ó am go chéile i rith 2009 d'fhonn patrúin a bheadh ag teacht chun cinn i dtaca le hiarratais deontas agus caiteachas a léiriú.

5. Airgeadas

Tá na cistí atá ar fáil do chaiteachas an Bhoird d'fhonn a chuid feidhmeanna a chur i gcrích céannaithe in Alt 26 d'Acht 2005. Tá na cistí seo ann de bharr ranníocaíocht de € 12,700,000 ó na Cuallachtaí Reiligiúnacha faoi théarmaí an Ghníomhais de 05 Meitheamh 2002 agus tá na cistí méadaithe de bharr úis tuillte ar shuimeanna nach bhfuil caite agus ní mór suimeanna ar bith a bheadh íoctha ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta roimh achtú an Achta 2005 a dhealú uaidh seo, suimeanna a bheadh mar dheontais d'iar-chónaitheoirí i bhForais agus dá ngaolta d'fhonn cabhrú leis na hiar-chónaitheoirí seo nó lena ngaolta leas a bhaint as na as na seirbhísí oideachais.

Folárann Alt 26(2) go mbunóidh an Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta cuntas infheistíochta ina gcuirfear an méid a bheidh íoctha di faoi Alt 26(1) i dtaisce. Tá stair an chuntais sin go 31ú Nollaig 2008 sonraithe in Aguisín B atá leis seo agus taispeánann sé iarmhéid de € 6,855,421 ar an dáta sin.

Tar éis an chaiteachais go 31ú Nollaig 2008 a chur san áireamh, € 7,349,725 na cistí uile a bhí ar fáil don Bhord ar an dáta sin, comhdhéanta mar a leanas:

Iarmhéid an Chuntais Infheistíochta	€ 6,855,421
Cistí coinnithe ag Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath ar 31ú Nollaig 2008	€ 560,595
Iarmheid nár Caitheadh ón scéim ad hoc a tarraingíodh anuas	€ <u>13,010</u>
	€ 7,429,026
Lúide dliteanais fhabhraithe ar 31ú Nollaig,2008	79,301
	€ <u>7,349,725</u>

6. Cuntais agus Iniúchóireachtaí

Forálann Alt 31 den Acht 2005 d'aighniú cuntas, coinnithe de bhun an Ailt seo, don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste d'iniúchóireacht, gan a bheith níos deireanaí ná trí mhí ó dheireadh na tréimhse cuntasóireachta lena mbaineann siad.

Tá iniúchóireacht déanta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais don tréimhse ó bunaíodh an Bord ar 17ú Feabhra 2006 go 31ú Nollaig 2006 agus ó 01 Eanáir 2007 go dtí 31ú Nollaig 2007 agus tá siad seo curtha faoi bhráid an Aire ag an mBord. Tá na cuntais seo foilsithe ag an mBord agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Tá na cuntais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2008 ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste d'iniúchóireacht. Díreach tar éis na hiniúchóireachta, cuirfidh an Bord cóip de na cuntais sin, de réir mar a threoraíonn an Aire, faoi bhráid an Aire chomh maith le tuairisc an

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ina dhiaidh sin foilseofar iad agus cuirfear ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird iad.

7. Faomhadh Deontas

I rith 2008 d'fhaomh an Bord deontais i leith 1526 iarratas. 892 agus 1200 na figiúirí comhfhreagracha do 2006 agus 2007 faoi seach. B'ionann is € 1,637,717 luach foriomlán an 1526 deontas a faomhadh.

Is mar seo a leanas a dáileadh an 1526 iarratas faofa:

	2008	2007	2006
Iar-chónaitheoirí	371 (24.3%)	311 (25.9%)	236 (26.5%)
Leanaí	880(57.7%)	761 (63.4%)	598 (67.0%)
Céilí	61(4.0%)	48 (4.0%)	56 (6.3%)
Duine Garchlainne(Ua)	203 (13.3%)	76 (6.3%)	01 (0.01%)
Leasleanbh	11 (0.7%)	04 (0.3%)	00 (0.0%)
Grúpa	00 (0.0%)	00 (0.0%)	01 (0.0%)

Is iad seo a leanas na láithreacha faoi láthair don 1526 iarratas faofa

Éire	1168(76.5%)	804 (67.0%)	646 (72.4%)
Ríocht Aontaithe	304(19.9%)	349 (29.1%)	202 (22.7%)
Eile	54(3.6%)	47(3.9%)	44(4.9%)

2008 Eile(Na Stáit Aontaithe 19; An Astráil17; An tSualainn 8; An Spáinn 4;An Ghearmáin 2 Geirsí 1; An Ostair 1; An Ísiltír 1; An Fhrainc 1)

2007 Eile (Na Stáit Aontaithe 20; An Astráil 16; An tSualainn 6; An Ghearmáin 3; An Spáinn 1; Ceanada 1:)

2006 Eile (Na Stáit Aontaithe 21; An Astráil 14; An tSualainn 3; An Fhrainc 3; An Spáinn 1; Ceanada 1; An Phortaingéil 1).

Níor bronnadh deontais i gcás 74 iarratas nár shásaigh na critéir a bhí cinnithe ag an mBord. Iar-chónaitheoirí ab ea 14(18.9%) díobh seo agus is gaolta ab ea 60(81.1%) díobh.

Léiríonn an 1526 deontas a faomhadh i rith 2008 méadú 27% ar thoradh na bliana 2007 agus méadú 71%

ar an 892 deontas a faomhadh sa bhliain 2006 i dtaca le hiarratais a glacadh agus próiseáladh idir Deireadh Fómhair 2005 agus Nollaig 2006. Tharla an méadú fáilteach breise in uimhir na n-iarratas a faomhadh i rith 2008 ó fheachtas poiblíochta méadaithe an Bhoird le cuidiú nach beag ó iarrachtaí na ngrúpaí tacaíochta éagsúil d'iar-chónaitheoirí agus ó na seirbhísí for-rochtana sa Ríocht Aontaithe. Is mór ag an mBord an chabhair seo agus is fiúntach leis í agus tá an Bord dóchasach go leanfaidh an chabhair seo sa todhchaí.

8. Soláthar Foirne

Rúnaí/Bainisteoir agus cúntóir riaracháin ab ea croílár an tsoláthair foirne tosaigh le soláthar foirne eile á cheapadh de réir mar a theastódh agus ar bhun sealadach d'fhonn déileáil le próiseasáil iarratas faoi mar a bheadh gá leo.

Toisc gurb iad na cistí sa chuntas infheistíochta na cistí amháin atá ar fáil don Bhord i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, cistí a bunaíodh faoi fhorálacha Ailt 26(3) d'Acht 2005, b'úsáid na gcistí seo don mhéad ba mhó a d'fhéadfaí in íocaíocht deontas d'iar-chónaitheoirí agus dá ngaolta an chloch ba mhó a bhí ar phaidrín an Bhoird. Cé go raibh an Bord cúramach an caiteachas do chuspóirí eile a laghdú choinnigh sé uimhreacha i dtaca le soláthar foirne faoi athbhreithniú agus cheap sé cúntóir riaracháin breise i Feabhra 2008 lena chinntiú go mbeadh na leibhéil foirne oiriúnach d'fhonn leibhéal seirbhísí cuí a choinneáil dá bhonn-chliantacht atá ag méadú. Chuidigh seo le laghdú suntasach i riaráiste ar bith i dtaca le hiarratais a phróiseáil agus sholáthaigh sé freagairt níos éifeachtaí do mhéadú ar bith san uimhir iarratas do dheontais.

Leanann Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath ar aghaidh le seirbhís íocaíochtaí a sholáthar agus tá an Bord buíoch don Chathaoirleach, do bhaill an Choiste agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin dá gcabhair. Is mór ag an mBord an chabhair a fuarthas i rith a bhunaithe agus an chabhair mar a iarradh ina dhiaidh sin ó fhoirne an Aonaid i dtaca le Sásamh i Leith Foras Cónaithe agus an Aonaid Seirbhísí Dlíthiúla de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ó Chuntasóir Gairmiúil na Roinne.

9. Sonraí Teagmhála

Tá oifigí an Bhoird suite ag:

3ú Urlár, Cúirt Fhreidric, 24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.

Seo iad na socrúithe teagmhála:

Gutháin: 00353(1)8745708 Íosghlao (Éire) 1890 742 742

Facs: 00353(1) 8745709

r-phost: info@educationfinanceboard.com

Laithreán Gréasáin: www.educationfinanceboard.com

Cé nach bhfuil an áis Íosghlao ar fáil ach do ghlaointeoirí laistigh d'Éirinn, glaofaí an fhoireann ar ais ar chliantá a dhéanann glaoch gutháin ó lasmuigh d'Éirinn.

Aguisín A

An Bord Airgeadais Oideachais(Iar-Chónaitheoirí de chuid Foras Áirithe le haghaidh Leanai)

Critéir do Dheontais a Dheonú

2008

Critéir do Dheontais a Dheonú ag an mBord Airgeadais Oideachais, Meán Fómhair 2008.

An Bord Airgeadais Oideachais (Iar-chónaitheoirí do chuid Forais Áirithe le haghaidh Leanaí)

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta idir an Stát Éireannaigh agus 18 Chomhtionól Reiligiúnach, dátaithe 5ú Meitheamh 2002, tá ciste de €12.7 milliún le bheith curtha in úsáid d'iar-chónaitheoirí agus dá ngaolta chun iad a éascú nuair a bhíonn cláracha oideachais á rochtain acu.

Ar 17 Feabhra 2006, bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin TD, foras reachtúil - An Bord Airgeadais Oideachais, fán Acht (Leasú) um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, 2005 - chun an ciste a riaradh. Thóg an Bord Airgeadais Oideachais áit an Choiste Ad Hoc a bhainistigh an ciste go dtí go raibh an reachtaíocht i bhfeidhm.

Seo a leanas iad feidhmeanna an Bhoird:

- na critéir d'íocaíocht a leithéidí seo de dheontais a shocrú agus a fhoilsiú
- deontais a íoc d'iar-chónaitheoirí foras agus dá ngaolta d'fhonn cuidiú leo leas a bhaint as seirbhísí oideachasúla
- eolas a chur ar fáil i dtaca le seirbhísí oideachasúla a bhfuil deontais iníoctha lena n-aghaidh

Leagann an leabhrán seo amach critéir an Bhoird i dtaca le deontais a dheonú. Is féidir go mbeadh athchóiriú ar na critéir ó am go chéile agus agus déanfaidh an Bord iad a athbhreithniú ag tráth nach bhfuil níos déanaí ná Meán Fómhair 2009.

Láimhseálfaidh foireann lánaimseartha an Bhoird iarratais do dheontais ó iar-chónaitheoirí agus a ngaolta. Fáiltíonn an Bord na ceisteanna agus na hiarratais uile. Má bhíonn ceisteanna ar bith agat nó más mian leat iarratas do dheontas a dhéanamh, úsáid an fhaisnéis teagmhála sa leabhrán seo, le do thoil, chun labhairt le ball foirne.

Critéir faoina ndéanann an Bord iarratais do mhaoiniú a cheadú

1. Réamhrá

Tá sé ar intinn ag an mBord go gcabhróidh na deontais, atá le n-íoc ó chistí atá ar fáil

faoi Alt 26 d'Acht 2005, le hiarratasóirí d'fhonn úsáid a bhaint as na seirbhísí oideachasúla atá socraithe ag an mBord. Beidh aire ar leith ag an mBord ar riachtanais iar-chónaitheoirí chomh maith le héinne dá ngaolta a bhfuil bearnaí inaitheanta ina gcuid oideachais, a tharla de bharr cónaithe i gceann amháin de na forais sonraithe.

2. Cé a chuirfeadh isteach ar dheontais

Tá na deontais oscailte d'iar-chónaitheoirí uile na bhforas atá liostáilte san Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, 2002, ar thosaigh a gcónaitheacht roimh 11 Bealtaine 1999, agus dá gcéilí, dá mic, dá n-iníonacha, dá ngarmhic, dá ngariníonacha, dá leasmhic agus dá leasiníonacha(gaolta).

3. Cruthúnas Cónaitheachta

Ní thugann na dlíthe ábhartha sainmhíniú ar an téarma “cónaitheoir” ach is ag maireachtáil agus ag codladh i in áit ar feadh tamaill áirithe a chiallaíonn sé de ghnáth. Go ginearálta déanfaidh an Bord cinneadh faoi an féidir féachaint ar an fhoras a bheadh i gceist mar bhaile an iarratasóra ag an am. Caithfidh éinne a dhéanann iarratas fianaise scríofa shásúil agus fianaise chuí eile faoi ionannas a chur ar fáil chomh maith le deimhniú cónaithe i bhforas. Ní mór do ghaolta fianaise scríofa a chur ar fáil freisin faoina ngaol le hiar-chónaitheoir. Tá an fhianaise a bhíonn ag teastáil rianaithe ar an fhoirm iarratais.

4. Cúrsaí agus cláracha faofa

Tairgeann an Bord maoiniú do dhaoine incháilithe do réimse cúrsaí atá faofa

Cúrsaí iar-scoile, cúrsaí fochéimí agus iarchéimí

Ba chóir do chúrsaí atá faofa:

- leanúint ar feadh tréimhse bliana acadúla amháin ar a laghad, agus
- mar bharrshamhail, a bheith curtha ar fáil ag institiúid le maoiniú poiblí

Muna bhfuil cúrsa oiriúnach ar fáil in institiúid le maoiniú poiblí, is féidir leis an mBord iarratais a bhreithniú do chúrsaí oiriúnacha a bheadh tairgthe ag forais phríobháideacha.

Ní mór do chúrsaí atá ceadaithe a bheith dírithe ar cháilíochtaí atá aitheanta ag creatlach stát-cheadaithe, bíodh sé in Éirinn nó i dtír eile.

In Éirinn, ní mór do na cáilíochtaí a bheith curtha ag leibhéal 3 nó níos airde sa Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí.

Tá socrú ann chun cáilíochtaí na hÉireann agus na Ríochta Aonataithe a ailíniú. Cuirfidh sé seo eolas ar fáil do chinntí a bheadh le déanamh i dtaca le haitheantas cuí do cháilíochtaí ó chúrsaí na Ríochta Aontaithe.

Déanfaidh an Bord breithniú ar bhonn aonraic faoi chúrsaí nach bhfuil clúdaithe faoin socrú seo d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoinar féidir aitheantas cuí a thabhairt do na cáilíochtaí a bheadh i gceist.

Is féidir go mbeadh na nithe seo san áireamh i dtaca le cúrsaí eile a cheadú:

Cúrsaí Forbartha Pearsanta agus cúrsaí Stíle Maireachtála

Ní mór do chúrsaí a bheith soláthairthe ag soláthróir aitheanta nó ag oiliúnóir creidiúnaithe d'fhoras aitheanta náisiúnta.

Ceachtanna Tiomána(suas go deich n-uaire)

Chun iarratas a dhéanamh do mhaoiniú do suas go 10 n-uaire ceachtanna tiomána, ní mór do na hiarratasóirí go léir cóip dhleathach fhíoraithe de cheadúnas tiomána sealadaí bailí a chur san áireamh lena bhfoirmeacha iarratais nó an bunleagan de cheadúnas tiomána sealadaí bailí a bheith acu lena bhfoirmeacha iarratais. Is féidir go mbeadh iar-chónaitheoir a chríochnaíonn an 10 n-uaire tosaigh faofa do suas le 10 n-uaire eile má chuireann sé/sí litir mholta óna dteagascóir tiomána ar fáil ag rá cé mhéad uaireanta teagaisc a bheadh uathu chun pas a fháil sa tástáil tiomána.

Litearthacht/Uimhríocht agus Teagasc Duine - le - Duine

Déanfaidh an Bord cinneadh faoi na cúrsaí seo de réir riachtanas gach iarratasóra agus beidh tuairiscí rialta ag teastáil ón teagascóir chun cinneadh a dhéanamh faoi an mbeadh gá le teagasc duine-le-duine breise.

Cláracha Tacaíochta Bunscoile, Iar-bhunscoile

Teagasc Breise(de ghnáth uair sa tseachtain do gach páiste)

Clúdaíonn sé seo teagasc breise, le múinteoirí cáilithe, do dhaltaí a bhíonn ag dul ar scoil má cheadaíonn an scoil é. Ní mór don iarratasóir cáipéisí cuí a sholáthar, i.e., cóip de cháilíochtaí an mhúinteora ábhartha; uimhir *PSP an mhúinteora(Uimhir *IÁS nó Uimhir Árachais Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe) agus an costas do gach seisiún.

(* Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí - PSP / *Uimhir Ioncaim agus Árachais Shóisialaigh - IÁS)

Gníomhaíochtaí Iar-scoile

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí mar cheachtanna ceoil, snámh agus mar sin a bheith san áireamh.

Costais Cúrsaí

Ní mór cláracha foirmeálta oideachais a bheith i gceist agus a bheith ar fáil sa tír ina chónaíonn an t-iarratasóir de ghnáth. Samplaí iad turais Ghaeltachta agus cúrsaí teanga samhraidh eile.

Is féidir go ndéanfaidh an Bord cinneadh, faoin teideal seo, i dtaca le costais rannpháirtíochta na hIdirbhliana.

5. Deontais

Is féidir go n-íocfaí deontais d'iar-chónaitheoirí agus/nó dá ngaolta faoi dhá cheannteideal mar atá rianaithe thíos:

Táillí Teagaisc agus Táillí Gaolmhara

Ranníocaíocht i leith costais táillí teagaisc is ea na deontais seo agus/nó i leith táillí gaolmhara i dtaca le seirbhís do dhaltaí - clárú, táillí scrúduithe nó táillí comhlachais ghairmiúil agus a leithéidí.

Cúnamh Oideachais

Cuidíonn na deontais seo le hiarratasóirí leanacht lena rannpháirtíocht i gcúrsaí ceadaithe iar-scoile agus i gcúrsaí ceadaithe fochéimí agus iarchéimí.

Pointí le tabhairt faoi Deara:

- Bíonn íocaíocht na ndeontas uile faoi réir na gcistí a bhíonn ar fáil don Bhord
- Ní féidir leis an mBord ach deontais a íoc leis na hiarratasóirí a théann de réir na gcritéar go léir a bhaineann leis an scéim deontais.

- Ní thabharfaidh an Bord tacaíocht ach do chúrsa amháin ag leibhéal sonrach. Mar shampla, má fhaigheann tú deontas i leith na dtáillí nó i leith na dtáillí gaolmhar i gcás bunchéime ní féidir leat iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin do mhaoiniú don dara bunchéim
- Ní íocfaidh an Bord deontais ach don bhliain staidéir reatha. Ní bheidh iarratais maidir le cúrsaí nó maidir le modúil i gcúrsaí a críochnaíodh i mbliain acadúil roimhe sin incháilithe do dheontais ná do chabhair.
- Tá teorainneacha leis an méid is féidir leis an mBord a íoc le hiar-chónaitheoirí agus/nó a ngaolta. Seo a leanas mar atá na híocaíochtaí:
 - €15,000 an tsuim iomlán d'iar-chónaitheoir
 - € 15,000 an tsuim iomlán do ghaolta uile iar-chónaitheora
 - € 5,000 do ghaol aonair iar-chónaitheora.

Clúdaíonn na suimeanna seo deontais i leith táillí, táillí gaolmhara mac léinn agus cabhair oideachasúil agus cuimsíonn siad deontais ar bith a bheadh bronnta cheana féin ar an iarratasóir céanna/ar na hiarratasóirí céanna faoi Chritéir Eatramhacha an Bhoird Oideachais Airgeadais.

6. Sceideal Deontas i leith táillí teagaisc, i leith táillí gaolmhara agus i leith cúnaimh oideachasúil

Tá an t-uasmhéid ar féidir le hiar-chónaitheoirí agus/nó a ngaolta a fháil do chúrsaí oiriúnacha faoin scéim seo rianaithe thíos. Tá na suimeanna faoi réir na dteorainneacha foriomlána atá sonraithe faoi 'Pointí le tabhairt faoi Deara' ar leathanach 3. Baineann an t-uasmhéid leis an 'glanlucht' do chúrsa. Séard atá sa táille seo ná an méid nach mór don iarratasóir féin a íoc go pearsanta don chúrsa tar éis deontais eile a fháil. Ní costas iomlán an chúrsa atá ann.

Táillí do chúrsaí iar-scoile agus do chúrsaí fochéimí atá faofa

Iar-chónaitheoirí

Uasmhéid de €6,000 in aghaidh na bliana i leith an ghlanluchta.

Gaolta

- Uasmhéid de € 1500 sa bhliain nuair is €3,000 nó níos lú an glanlucht gach bliain.
- Leath den ghlanlucht, suas go huasmhéid de € 2, 000 sa bhliain, nuair a bhíonn an glanlucht níos mó ná €3,000 sa bhliain.

Cianoideachas

Déanfaidh an Bord cinneadh faoi gach iarratas bainteach le cianoideachas ar bhonn aonraic.

Táillí do chúrsaí iarchéimí ceadaithe

Iar-chónaitheoirí

Uasmhéid de €6,000 i leith an ghlanluchta do ghnáth-thréimhse an chúrsa

Gaolta

- Uasmhéid de €1500 sa bhliain nuair a bhíonn an glanlucht €3,000 nó níos lú gach bliain.

- Leath an ghlanluchta, suas go huasmhéid de €2,500 gach bliain, nuair a bhíonn an glanlucht níos mó ná €3,000 do gach bliain den chúrsa

Uasmhéid foriomlán de €5,000 d'fhad an chúrsa

Cúnamh Oideachasúil

Staidéar lánaimseartha: dhá íocaíocht de €800 sa bhliain(€1,600 san iomlán)

Staidéar páirtaimseartha: dhá íocaíocht de €300 sa bhliain(€600 san iomlán)

Déanfaidh an Bord cinneadh faoi gach iarratas bainteach le cianoideachas ar bhonn aonraic.

Ní mór d'iarratasóirí fianaise scríofa a chur ar fáil go bhfuil siad páirteach sa chúrsa go dtí sin chun a dara híocaíocht den bhliain a fháil.

Deontais do chúrsaí ceadaithe eile

Cúrsaí faoi fhorbairt phearsanta agus stíl mhaireachtála

Uasmhéid de € 1, 000 do gach iarratasóir gach bliain

Cúnamh suas go €200 ar fáil do chaiteachas deimhnithe breise i dtaca le hábhair chúrsa agus costais eile a bheadh bainteach le cúrsa.

Ceachtanna Tiomána

Gluaisteán – uasmhéid de €40 do cheacht agus táille tástála

Trucail nó Mionbhus – uasmhéid de €750 agus táille tástála

Cóiste – uasmhéid de €1,000 agus táille tástála

Teagascóir Tiomána – uasmhéid de €1,500 in Éirinn agus ranníocaíocht chuí do chúrsa mar é thar sáile.

Teagasc breise, cláracha iar-scoile agus cúrsaí samhraidh

Tá buiséad molta de €75,000 curtha ar leataobh ag an mBord do 2008/2009

Teagasc **breise** agus cláracha iar-scoile – uasmhéid de €30 san uair agus €900 sa bhliain

Costais chúrsa – uasmhéid de €900 sa bhliain

7. Cásanna Speisialta

Má chreideann an Bord go bhfuil cúinsí speisialta i gceist, go háirithe i gcás iar-chónaitheora, tá discríd ag an mBord na Critéir a athrú.

8. Athbhreithniú ar Chinntí

Muna bhfuil iarratasóir sásta le cinneadh maidir lena iarratas/lena hiarratas is féidir leis/léi iarraidh ar an mBord é a athbhreithniú.

Má bhíonn an t-iarratasóir míshásta le hathbhreithniú an Bhoird is féidir leis/léi an t-ábhar a atreorú chuig Fear an Phobail(Ombudsman).

9. Dáta Éifeachtach

Tá éifeacht leis na rialacha ó 1ú Meán Fómhair 2008 agus tógfaidh siad áit na gCritéar uile eile. Má bhíonn maoiniú ceadaithe do chúrsaí a mhaireann uimhir áirithe de bhlianta faoi Chritéir na Scéime Riaracháin Réamh-bhunaithe nó faoi na Critéir Eatramhacha is féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh na leibhéil uasmhéid deontais

a athrú mar atá sonraithe i gCodanna 5 agus a 6 d'fhonn a chur san áireamh céard a mheasann an Bord a bheadh i gceist le hionchais réasúnacha iarratasóra. Tá na Critéir seo faoi réir athbhreithnithe agus is féidir iad a athrú gan fógra.

Eolas Teagmhála:

Bord Airgeadais Oideachais,

3 Cúirt Fhreidric, 24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Laistigh d'Éirinn **glaigh ar:** 1890 742 742 **Facs:** 01 8745709

Lasmuigh d'Éirinn **glaigh ar:** 05353 1 8745708 **Facs:** 00353 1 8745709

R-phost: info@educationfinanceboard.com

Láithreán Gréasáin: www.educationfinanceboard.com

An Bord Airgeadais Oideachais (Iar-Chónaitheoirí de chuid Foras Áirithe le haghaidh Leanai)

**CUNTAS INFHEISTÍOCHTA NA GHNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA
AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA**

Cuntas Infheistíochta na Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Forálann Alt 26 den Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2005(Leasú) d'íocaíocht de mhéid sonraithe isteach i gcuntas infheistíochta faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta(GBCN). D'aistrigh an tAire Airgeadais suimeanna sular bunaíodh an Bord. Seo a leanas mar a tharla an t-iarmhéid a bhí ar fáil ar 31 Nollaig 2008:

	€
Ranníocaíocht na gCuallachtaí Reiligiúnacha faoi théarmaí an Ghníomhais de 05 Meitheamh 2002	12,700,000
Ús Fabhráithe(an dara suim ábhartha)	240, 000
An tsuim a tharla trí fhuilleamh(an tríú suim ábhartha)	510,000
	13,450,000
<hr/>	
Caiteachas a tabhaíodh faoi scéim ad hoc a d'fheidhmigh ón mbliain 2003 sular bunaíodh an Bord ar an 17ú Feabhra 2006	(2,484,992)
Aistriú chuig GBCN(NTMA) d'fhonn cuntas infheistíochta a bhunú	10,965,008
Ús ar shuimeanna a aistríodh suas go dáta bunaithe	126,055
Iarmhéid Tosaigh an Chiste ar 17ú Feabhra 2006	11,091,063
Caiteachas Iomlán don bhliain 2006	(1,450,614)
Ús ar shuimeann suas go 31ú Nollaig 2006	266,320
Iarmhéid Tosaigh an Chiste ar 1ú Eanáir 2007	9,906,769
Caiteachas Iomlán don bhliain 2007	(1,384,082)

Ús ar shuimeanna suas go 31ú Nollaig 2007	360,924
Iarmhéid Tosaigh an Chiste ar 1ú Eanáir 2008	8,883,629
Caiteachas Iomlán don bhliain 2008	(1,844,010)
Ús ar shuimeanna suas go 31ú Nollaig 2008	310,106
Iarmhéid an Chiste ar 31ú Nollaig 2008	7,349,725

06/05/09